Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**5490/24**

**JAI 71**
**FRONT 32**
**MIGR 13**
**IXIM 35**
**SCH-EVAL 23**
**FREMP 57**
**COMIX 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Feabhra 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 75 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, lena n-áirítear athbhreithniú ar an mBuanchór |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 75 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 75 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2024
COM(2024) 75 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, lena n-áirítear athbhreithniú ar an mBuanchór

{SWD(2024) 75 final}

## 1. Réamhrá

Limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha ceanglaítear tacar cuimsitheach rialacha de chuid an Aontais lena aghaidh lena n- áirithítear bainistíocht choiteann agus an- éifeachtúil ar ár gcomhtheorainneacha seachtracha, mar a chuirtear i dtábhacht i straitéis Schengen 2021 ón gCoimisiún[1]. Is é an misean atá ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) tacú leis na Ballstáit maidir leis na teorainneacha seachtracha a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil agus aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus dúshláin imirce ag na teorainneacha sin, i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha[2].

D'iarr an Chomhairle Eorpach an 26 agus an 27 Deireadh Fómhair 2023 ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit iarrachtaí comhbheartaithe a dhéanamh chun na réimsí beartais ábhartha uile a shlógadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun an tslándáil inmheánach a fheabhsú, lena n- áirítear, inter alia, trí chosaint na dteorainneacha seachtracha, tríd an gcomhrac in aghaidh smuigléirí agus dlúthchomhar le tríú tíortha[3]. Ní mór ról cinntitheach a bheith ag an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, lena n- áirítear Frontex, maidir leis an iarracht sin.

Le blianta beaga anuas, tá roinnt cinntí suntasacha déanta ag an Aontas chun a theorainneacha seachtracha a neartú, arb é is cuspóir dó sin bainistiú teorainneacha seachtrach an Aontais a athrú i gceann de na córais is ardfheidhmiúla ar domhan. Sainorduithe príomhghníomhaireachtaí, amhail Frontex agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF (eu- LISA), treisíodh iad, seoladh sásra meastóireachta Schengen nua i mí Dheireadh Fómhair 2022[4], tá bonneagar TF nua ag na teorainneacha seachtracha á chur chun feidhme, agus beidh an próiseas víosa digitithe faoi 2030. Sa chomhthéacs sin, Buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2019/1896[5] maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach (Rialachán EBCG) agus atá á chur ar bun de réir a chéile go dtí deireadh 2027, is fíor- shampla é de lánpháirtíocht Eorpach i réimse bainistithe teorainneacha seachtracha. Den chéad uair riamh, tá a sheirbhís faoi éide féin ag an Aontas. Beidh an Buanchór, comhdhéanta de 10 000 oifigeach Frontex agus náisiúnta, ar fáil, gach tráth chun tacú leis na Ballstáit a

---

[1] COM(2021)277 final: Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle 'Straitéis i dtreo limistéar Schengen atá lánfheidhmiúil agus athléimneach'.

[2] Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n- aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019).

[3] EUCO 14/23, 20241027-european-council-conclusions.pdf (europa.eu).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2012 (IO L 160, 15.6.2022).

[5] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n- aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019).

bhfuil dúshláin acu ag na comhtheorainneacha seachtracha agus chun fillteacha a dhéanamh níos éifeachtaí.

Frontex agus údaráis na mBallstát atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus comhar maidir le filleadh agus athimeascadh faoi chuimsiú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Chun a fhágáil go mbeidh an comhar sin chomh héifeachtach is féidir, le Rialachán EBCG cuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht agus ar na Ballstáit bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a chur chun feidhme go héifeachtach mar fhreagracht chomhroinnte. Mar chuid den iarracht sin, d’fhoilsigh an Coimisiún, an 14 Márta 2023, teachtaireacht lena mbunaítear an beartas straitéiseach ilbhliantúil le haghaidh bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip[6]. Chomhlánaigh Frontex an méid sin ina straitéis theicniúil agus oibríochtúil[7] a glacadh an 20 Meán Fómhair 2023.

Le hAirteagal 121 de Rialachán EBCG ceanglaítear ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán sin faoin 5 Nollaig 2023 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin. Leis an meastóireacht ba cheart measúnú a dhéanamh, go háirithe, ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht Frontex[8]. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Bhord Bainistíochta Frontex maidir le torthaí na meastóireachta.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún freisin athbhreithniú a dhéanamh, faoin 31 Nollaig 2023, ar an mBuanchór[9], lena n- áirítear a chomhdhéanamh agus a shaineolas agus a ghairmiúlacht.

Rinne an Coimisiún an mheastóireacht agus an t- athbhreithniú idir mí na Bealtaine 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2023. Bhí siad bunaithe ar chleachtadh comhairliúcháin leathan lenar bhain údaráis na mBallstát, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Frontex féin, agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, lena

[6] COM(2023)146 final – Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle lena mbunaítear an beartas straitéiseach ilbhliantúil le haghaidh bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip.

[7] Cinneadh 30/2023 ón mBord Bainistíochta an 20 Meán Fómhair 2023 lena nglactar an Straitéis Theicniúil agus Oibríochtúil le haghaidh bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip 2023- 2027.

[8] Le hAirteagal 121 ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas: (a) na torthaí a bhain an Ghníomhaireacht amach, ag féachaint dá cuspóirí, dá sainordú, dá hacmhainní agus dá cúraimí; (b) tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmiú na Gníomhaireachta agus a cleachtas oibre i ndáil lena cuspóirí, lena sainordú agus lena cúraimí; (c) comhar idirghníomhaireachta ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear cur chun feidhme an chomhair Eorpaigh maidir le feidhmeanna garda cósta; (d) an gá a d’fhéadfadh a bheith le modhnú a dhéanamh ar shainordú na Gníomhaireachta; (e)na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú den sórt sin; (f) feidhmiú an Bhuanchóir; agus (g) leibhéal na hoiliúna, an tsaineolais speisialaithe agus na gairmiúlachta atá ag an mBuanchór.

[9] Leis an athbhreithniú (Airteagal 59 den Rialachán) breathnófar ar an méid seo a leanas: (a) líon foriomlán agus comhdhéanamh an Bhuanchóir; (b) méid rannchuidithe na mBallstát aonair leis an mBuanchór; (c) saineolas agus gairmiúlacht an Bhuanchóir agus an oiliúint a chuirtear air; agus (d) an gá atá leis an gcúltaca mearfhreagartha a choinneáil ar bun mar chuid den Bhuanchór.

n- áirítear an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha[10]. Tacaíodh leis an obair sin freisin le staidéar seachtrach[11].

Leis an tuarascáil seo leagtar amach na conclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu ón meastóireacht ar an Rialachán agus ón athbhreithniú ar an mBuanchór, a bhfuil an dá cheann díobh mionsonraithe sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil. Mar sin féin, fiú nuair a chuirtear san áireamh nach bhfuil cur chun feidhme an Rialacháin in ainm bheith curtha i gcrích go fóill, sainaithníodh moilleanna agus bearnaí tábhachtacha i réimsí áirithe sa mheastóireacht agus san athbhreithniú. Chun aghaidh a thabhairt orthu sin, moltar bearta sa tuarascáil freisin, i bhfoirm plean gníomhaíochta, chun cuspóirí Frontex agus an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bhaint amach ina n-iomláine.

## 2. Achoimre ar an meastóireacht

D'ainneoin dúshláin mhóra, amhail paindéim COVID- 19, ionstraimiú na himirce, agus cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tugtar an mheastóireacht i gcrích le measúnú dearfach maidir le ábharthacht agus breisluach AE Rialachán EBCB, ar bunús leormhaith i gcónaí é chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ag teorainneacha seachtracha an Aontais.

Leanann an imirce neamhrialta de bheith ina dhúshlán tábhachtach a éilíonn freagairt choiteann agus chomhordaithe ón Aontas agus óna Bhallstáit go hinmheánach agus go seachtrach, i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta. I gcomhréir le haithris 6 de Chód Teorainneacha Schengen; '*Ba cheart rialú ag teorainneacha a bheith ina chúnamh chun inimirce agus gáinneáil mhídhleathach daoine a chomhrac agus aon bhaol do shlándáil inmheánach, beartas poiblí, sláinte phoiblí agus caidreamh idirnáisiúnta na mBallstát a chosc.'* Le cur chun feidhme Rialachán EBCG rannchuidíodh leis an mbainistíocht ar theorainneacha seachtrach an Aontais a neartú, i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha, agus le feabhas a chur ar éifeachtúlacht bheartas um fhilleadh an Aontais. Is rud é a lenar ceadaíodh Buanchór EBCG a sheoladh, seoladh a bhí céimneach ach rathúil.

Ó bhí 2019 ann, chuir an Ghníomhaireacht dlús lena tacaíocht oibríochtúil le haghaidh na mBallstát i réimsí éagsúla dá sainordú, rud a chomhlíon a riachtanais cuid mhór. Tá méadú seasta tagtha ar an líon oibríochtaí comhpháirteacha arna ndéanamh idir 2020 agus 2023. In 2023, sheol an Ghníomhaireacht 24 oibríocht chomhpháirteacha, i gcomparáid le 15 in 2020, 19 in 2021 agus 20 in 2022 agus d'imscar sí 2 874 dhuine den phearsanra i lár mhí Dheireadh Fómhair 2023, i gcomparáid le 1 122 in 2020. Le linn na tréimhse meastóireachta, tá an Ghníomhaireacht tar éis éirí níos

[10] FRA (2023) An Garda Teorann agus Cósta Eorpach agus Cearta Bunúsacha
[11] [Rud atá le tabhairt cothrom le dáta nuair a bheidh an staidéar foilsithe]

réamhghníomhaí maidir le tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit a mholadh, bunaithe ar hanailís féin ar thosaíochtaí oibríochtúla.

Lean Frontex freisin de thacaíocht a mhéadú le haghaidh na mBallstát i ngníomhaíochtaí a bhaineann le filleadh. In 2022 thacaigh an Ghníomhaireacht le filleadh éifeachtach 24 868 náisiúnach tríú tír, méadú 36 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Leis an sainchúram neartaithe i réimse an fhillidh, tá an Ghníomhaireacht, i gcomhthráth leis sin, ag obair ar imscaradh Oifigeach Tionlacaí agus Tacaíochta don Fhilleadh Éigeantach a mhéadú a thuilleadh agus ar ghníomhaíochtaí faoi Sheirbhísí Ath- Lánpháirtithe Comhpháirteacha a fheabhsú.

Comhar le tíortha comhpháirtíochta, mar chuid thábhachtach de shainordú Frontex agus i gcomhréir lena Straitéis um Chomhar Idirnáisiúnta, tháinig méadú air de réir a chéile freisin. In 2022 threisigh Frontex a rannpháirtíocht oibríochtúil i dtíortha comhpháirtíochta trína réimse oibríochtúil a leathnú agus trína acmhainn oibríochtúil a neartú. Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2023 ann, bhí beagnach 600 ball foirne imscartha ag Frontex ar fud deich n-oibríoch chomhpháirteacha in ocht dtríú tír.[12]. Seoladh oibríocht nua amháin in 2023, Oibríocht Chomhpháirteach na Macadóine Thuaidh, ar bhonn an chomhaontaithe stádais idir an Mhacadóin Thuaidh agus an tAontas Eorpach a tháinig i bhfeidhm i mí Aibreáin 2023.

Ina theannta sin, tháinig anailís riosca agus measúnuithe leochaileachta na Gníomhaireacht chun bheith ina n- uirlisí seanbhunaithe lena rannchuidítear leis an bhfeasacht staide, lena dtacaítear le freagairt oibríochtúil iomchuí. Le linn na tréimhse meastóireachta, d’fhorbair an Ghníomhaireacht modheolaíochtaí cuimsitheacha agus d’fheabhsaigh sí cáilíocht a táirgí anailíse riosca de réir a chéile, ar táirgí iad a dhíríonn níos mó ar thuar agus ar chosc, chomh maith lena measúnuithe leochaileachta chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar chumais na mBallstát ag na teorainneacha seachtracha.

Cé go bhfuil an tréimhse cur chun feidhme chun sainordú Frontex a oibríochtú arna leagan síos i Rialachán EBCG fós ar siúl agus go leanfaidh sí ar aghaidh go dtí 2027, sainaithníodh sa mheastóireacht roinnt dúshlán a chuireann teorainn le héifeachtacht an Rialacháin faoi láthair. Cé go bhféadfadh forálacha áirithe den Rialachán níos mó soiléireachta a thabhairt (e.g. maidir le cearta bunúsacha), ní eascraíonn an chuid is mó de na dúshláin a sainaithníodh as an Rialachán féin ach tá siad mar thoradh ar easnaimh eagraíochtúla, theicniúla nó oibríochtúla, moilleanna den chuid is mó, maidir lena chur chun feidhme (e.g. easpa struchtúr ceannais soiléir don Bhuanchór, bearnaí i bpróifílí

---

[12] An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv, Montainéagró, an tSeirbia agus an tSeoirsia. *Tá an t- ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

áirithe an Bhuanchóir). Ar deireadh, eascraíonn tacar eile fadhbanna a imríonn tionchar ar chur chun feidhme as srianta éagsúla, e.g. easpa aitheantais maidir leis na cumhachtaí feidhmiúcháin a thugtar don Bhuanchór i reachtaíocht Ballstát áirithe nó forálacha i reachtaíocht an Aontais lastall de Rialachán EBCG féin, e.g. i ndáil leis an nGníomhaireacht sonraí pearsanta a phróiseáil.

**Príomhthorthaí i bpríomhréimsí na meastóireachta**

Léiríonn an anailís ar **struchtúr rialachais** Frontex go bhfuil dáileadh soiléir cúraimí ann idir an Bord Bainistíochta agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Tá struchtúr formhaoirseachta na Gníomhaireachta lena mbaineann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún soiléir agus éifeachtach freisin. Mar sin féin, cinntear leis an meastóireacht nach bhfuil rialachas inmheánach Frontex iomlán oiriúnach fós chun tacú go héifeachtach lena shainordú 2019 de dheasca freagrachtaí forluiteacha agus cuir chuige a bhíonn ag teacht salach ar a chéile go ócáideach. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh ar an ábhar sin le cur chun feidhme an struchtúir eagraíochtúil nua a ghlac an Bord Bainistíochta[13] i mí na Samhna 2023. Toradh eile atá ann is ea nach ndéantar ionadaíocht leordhóthanach fós ar an mBord Bainistíochta do na húdaráis atá freagrach as filleadh. Faoi láthair, leanann a n- údaráis bainistithe teorainneacha náisiúnta d'ionadaíocht a dhéanamh do na Ballstáit ar an mBord Bainistíochta, agus is minic nach iad atá freagrach as fillteacha.

Ag breathnú ar ghníomhaíochtaí Frontex, meastar go bhfuil **feasacht staide agus anailís riosca** ar na gníomhaíochtaí sin a bhfuil an breisluach is mó ag baint leo ar leibhéal an Aontais. Táirgeann Frontex táirgí anailíse riosca iomadúla lena bhfreastalaítear ar réimse leathan páirtithe leasmhara, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán EBCG agus soláthraíonn sé cumhdach leathan ar réimsí téamacha agus geografacha. Úsáideann na Ballstáit na táirgí anailíse riosca sin chun cur lena n-anailís ar a leibhéal náisiúnta féin agus, go pointe áirithe, lena bpleanáil oibríochtúil. San am céanna, rannchuidíonn siad freisin le sásraí ábhartha de chuid an Aontais agus tá siad ríthábhachtach chun bunús eolais a chur le gníomhaíochtaí oibríochtúla Frontex.

Bhí ról suntasach ag **EUROSUR**, an creat comhtháite le haghaidh malartú faisnéise agus le haghaidh comhar oibríochtúil laistigh den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, maidir le dul chun cinn na Gníomhaireachta i dtreo faisnéis atá go hiomlán cothrom le dáta, iontaofa agus inghníomhaithe a sholáthar trí fhaireachas 24/7 neas-fhíorama agus faireachán a dhéanamh ar ghéarchéimeanna. Rannchuidigh sé le léiriú staide Eorpach a chruthú, agus creat comhchoiteann a sholáthar le haghaidh malartú faisnéise, feabhas a chur ar fheasacht staide agus cumais freagartha a mhéadú. Le blianta beaga anuas

[13] Cinneadh 45/2023 ón mBord Bainistíochta an 22 Samhain 2023 maidir le struchtúr eagraíochtúil nua na Gníomhaireachta.

tháinig méadú mór ar mhéid, cáilíocht, sreabh agus luas na sonraí a malartaíodh. Mar sin féin, is amhlaidh nach bhfuil EUROSUR in ann feasacht staide atá iomlán ná cothrom le dáta ina hiomláine a sholáthar fós ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Is é is cúis leis sin go príomha fadhbanna cur chun feidhme, amhail imeachtaí trasteorann gan bheith tuairiscithe ag na Ballstáit uile leis an iomláine ná an rialtacht chéanna.

Is cuid dhílis den bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip é cearta bunúsacha a urramú. Cinntear leis an meastóireacht gurb amhlaidh le comhlíontacht na Gníomhaireachta le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an **creat um chearta bunúsacha** atá i bhfeidhm in Frontex, a rannchuidítear go héifeachtach le sáruithe ar chearta bunúsacha a chosc i gcomhthéacs sholáthar na tacaíochta do na Ballstáit agus do thríú tíortha. Ó 2021 i leith, le tacaíocht láidir óna Bhord Bainistíochta, tá Frontex tar éis a rialacha, cleachtais agus oiliúint inmheánach ar an mBuanchór a fhorbairt go gníomhach agus go héifeachtach chun feabhas a chur ar urramú, cosaint agus cur chun cinn na gceart bunúsach ina chuid gníomhaíochtaí go léir. Mar sin féin, leis an meastóireacht tarraingítear aird ar an gceist maidir lena mhéid is féidir Frontex a thabhairt chun cuntais le haghaidh ghníomhaíochtaí na mBallstát agus conas a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a bheith ina rannchuidiú éifeachtach lena áirithiú go gcomhlíonfaidh Ballstáit óstacha cearta bunúsacha le linn gníomhaíochtaí comhpháirteacha, amhail oibríochtaí comhpháirteacha. Anseo, le creat na Gníomhaireachta áirítear an rogha chun Airteagal 46 de Rialachán EBCG a úsáid, lena gceadaítear gníomhaíochtaí oibríochtúla a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i mBallstát. Cé go bhfuil Airteagal 46 ina uirlis fhíor- riachtanach atá ar fáil don Ghníomhaireacht, níor cheart é a úsáid ach mar rogha dheireanach, ós rud é go dtugtar le fios leis an meastóireacht gur féidir le láithreacht Frontex a bheith ina rannchuidiú dearfach le comhlíontacht is mó ar an iomlán le cearta bunúsacha. Dá bhrí sin, leis an meastóireacht tagtar ar an gconclúid gurb amhlaidh, ag an gcéim seo, nach gá Airteagal 46 a mhodhnú.

Cinntear go bhfuil breisluach soiléir ag **gníomhaíochtaí oibríochtúla** Frontex le haghaidh na mBallstát, lena dtacaítear le cur chun feidhme thosaíochtaí beartais an Aontais. Soláthraíonn Frontex cúnamh teicniúil agus oibríochtúil cuimsitheach do na Ballstáit trí oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann, lena n- áirítear cúnamh teicniúil agus oibríochtúil mar thaca le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. Uaireanta cuirtear bac áirithe ar éifeachtacht na tacaíochta oibríochtúla a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil mar gheall ar infhaighteacht reatha próifílí áirithe de chuid an Bhuanchóir agus cineálacha áirithe trealaimh arna n-iarraidh ag na Ballstáit. Cuirfidh struchtúr nua ceannais an Bhuanchóir, atá á fhorbairt faoi láthair, le héifeachtacht na Gníomhaireachta freisin. Is cosúil gur chuidigh tacaíocht oibríochtúil Frontex ó thaobh cuspóirí an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bhaint amach; mar

sin féin, d'fhéadfaí an comhar idir Frontex agus na húdaráis náisiúnta a fheabhsú chun éifeachtacht na n-imscaradh a mhéadú.

Maidir le **comhar Frontex le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais**, amhail Europol, **agus le tríú tíortha**, cuireadh isteach air go méid áirithe le moilleanna ar chreat iomchuí maidir le cosaint sonraí pearsanta a chur chun feidhme chun foráil a dhéanamh maidir le malartú éifeachtach ar fhaisnéis. Ghlac Bord Bainistíocht Frontex na rialacha cosanta sonraí is gá i dtús na bliana 2024. Maidir le tríú tíortha, na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta i dteimpléad an tsocraithe oibre le haghaidh tríú tíortha arna nglacadh ag an gCoimisiún i mí na Nollag 2021 tá siad á n- athbhreithniú.

Bhí ról gníomhach agus dearfach ag Frontex ó thaobh comhar Eorpach maidir le feidhmeanna an gharda chósta, go háirithe trí chomhar idirghníomhaireachta leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí faoi chuimsiú socrú oibre trípháirteach.

Ní mór dlús a chur leis an gcomhar idir Frontex agus Europol go háirithe chun feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, chun cuspóirí na dtograí a tháinig ón gCoimisiún le déanaí a bhaint amach d'fhonn nuachóiriú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil chun smuigleáil imirceach a chomhrac[14]. Le tabhairt i gcrích socraithe oibre idir an dá ghníomhaireacht, atá á chaibidliú faoi láthair, éascófar *inter alia* aistriú sonraí chun na críche sin.

I dteannta na dteorainneacha seachtracha a bhainistiú, le Rialachán EBCG cuirtear é de chúram ar Frontex go sainráite cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar chun bearta **maidir le filleadh** a chur chun feidhme. Leis an meastóireacht tagtar ar an gconclúid gur thacaigh Frontex go héifeachtach leis na Ballstáit i ngach gné den phróiseas um fhilleadh, go háirithe maidir le hoibríochtaí comhpháirteacha um fhilleadh agus tacaíocht eile a bhaineann le filleadh a eagrú, lena n- áirítear athimeascadh. Cinntear sa mheastóireacht, áfach, go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhar idir an Ghníomhaireacht, na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an bhfilleadh agus an Coimisiún Eorpach.

## 3. Achoimre ar an Athbhreithniú ar an mBuanchór

Ceann de na nuálaíochtaí is suntasaí atá i Rialachán EBCG is ea cruthú Buanchóir de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, arb é an chéad seirbhís faoi éide riamh

[14] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanachta neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac (COM/2023/755 final) agus Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (COM/2023/754 final).

de chuid an Aontais. Tugann an Buanchór uirlis uathúil do Frontex chun tacú leis na Ballstáit ar an talamh lena n- iarrachtaí chun na teorainneacha seachtracha a chosaint, an choireacht trasteorann a chomhrac (lena n- áirítear smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht agus bagairtí hibrideacha), agus dlús mór a chur le filleadh éifeachtach agus inbhuanaithe imirceach neamhrialta.

Is de réir a chéile faoin Rialachán a dhéanfar an Buanchór a bhunú agus a imscaradh. Cuidíonn sé le cultúr coiteann de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a chothú, rannchuidíonn sé le hurraim do chearta bunúsacha agus cuireann sé chun cinn na caighdeáin is airde i gcur chun feidhme *acquis* Schengen agus dea- chleachtas.

Tá an Buanchór fós á neartú agus is é is aidhm dó teacht chun bheith ina thacaíocht níos iontaofa agus níos buaine fós le haghaidh na mBallstát.

Leis an athbhreithniú tagtar ar an gconclúid go gceanglaítear le treochtaí imirce athraitheacha imscaradh solúbtha agus lúfar tacaíochta chuig na Ballstáit, agus bearnaí á ndruidim agus cuidiú á thabhairt chun staideanna neamhthuartha a láimhseáil. Sa chomhthéacs sin, leis an méadú a tháinig le déanaí ar an imirce neamhrialta, cuirtear i dtábhacht freisin an gá atá le smuigleáil daoine agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí. Ina theannta sin, tá méadú ag teacht ar dhúshláin slándála idir an sceimhlitheoireacht agus bhagairtí hibrideacha, mar a léirítear leis na hionsaithe is déanaí san Eoraip. Tuairiscíodh freisin eachtraí maidir le hionstraimiú na himirce, lena ndéantar iarracht an tAontas agus a Bhallstáit a dhíchobhsú. An tráth céanna, leanann an líon trasnuithe údaraithe ar na teorainneacha seachtracha de bheith ag fás go seasta, agus an gá le taisteal mín de mheon macánta a áirithiú le haghaidh gnó, turasóireachta agus comhar idirnáisiúnta á chur i dtábhacht i measc domhandú leanúnach. Leis sin, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht a bheith níos réamhbhreathnaithí agus a bheith níos ábalta treochtaí nua a thuar. Ní mór do na Ballstáit, ar a dtaobh, freagairt go héifeachtach do ghlaonna na Gníomhaireachta chun foireann a imscaradh. Ceanglaítear leis sin freisin go mbeidh próifílí sonracha oifigigh an Bhuanchóir, lena sainítear a róil oibríochtúla, inoiriúnaithe don staid athraitheach.

**Líon agus comhdhéanamh foriomlán an Bhuanchóir**

Cé go bhfuil cur ar bun an Bhuanchóir fós ina luathchéimeanna, tá a bhreisluach cruthaithe aige cheana agus is mór ag na Ballstáit a thacaíocht oibríochtúil. Táthar fós ag cur leis an líon comhalta atá ag an mBuanchór ionas go mbeidh an líon atá ag teastáil uaidh aige faoi 2027, is é sin 10 000 comhalta. Bhí an líon sin bunaithe i dtosach ar riachtanais oibríochtúla a ndearnadh measúnú orthu tráth a moladh an Buanchór, agus ar fhorbairtí ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Tá sé comhréireach ar an iomlán leis na cumais náisiúnta. Tugann Rialachán EBCG tacaíocht do na Ballstáit chun an

Buanchór[15] a thógáil ar mhaithe leis an nGarda Cósta agus Teorainn Eorpach ina iomláine. Cé go n-éilíonn an próiseas sin iarrachtaí suntasacha ón nGníomhaireacht agus ó na Ballstáit, ní gá coigeartuithe a dhéanamh ag an gcéim seo ar thorthaí an athbhreithnithe, agus an staid reatha ag teorainneacha seachtracha an Aontais á cur san áireamh freisin.

Mar sin féin, le comhdhéanamh an Bhuanchóir faoi láthair ceanglaítear mionchoigeartú chun a áirithiú gur fearr a chomhfhreagraíonn sé do riachtanais oibríochtúla. Is ann do bhearnaí in infhaighteacht saineolaithe agus próifílí speisialaithe áirithe. Cé go bhfuil coinne ag na Ballstáit leis go mbeidh tacaíocht bhreise acu ó fhoireann chatagóir 1 i réimsí speisialaithe áirithe, ní féidir le foireann reachtúil na Gníomhaireachta an saineolas sonrach sin a sholáthar fós sna réimsí uile ina bhfuil gá leis sin agus níl a dhóthain speisialtóirí ar fáil ag na Ballstáit. Táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an staid sin le himeacht ama trí oiliúint an Bhuanchóir a dhíriú ar na próifíliú is mó éileamh.

Ina theannta sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar shrianta áirithe a eascraíonn as Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh[16] a bhfuil tionchar acu ar éifeachtacht imscaradh chatagóir 1 an Bhuanchóir, amhail dálaí oibre, teidlíochtaí liúntais, céimeanna agus rialacha athaicmithe nó imlonnaithe, go príomha trí rialacha cur chun feidhme nua nó leasaithe a ghlacadh, i gcomhréir le forálacha ábhartha na Rialachán Foirne. Thairis sin, tá sé fíor- riachtanach aghaidh a thabhairt ar easnaimh san éagsúlacht, go háirithe ó thaobh cothromaíocht náisiúnta le haghaidh fhoireann chatagóir 1 den Bhuanchór. Ba cheart go gcuirfeadh straitéis nua acmhainní daonna na Gníomhaireachta[17] ar chumas Frontex feabhas a chur ar an staid reatha, lena n-áirítear maidir le hinscne.

Tar éis moilleanna tosaigh ar fhoireann reachtúil a earcú le haghaidh an Bhuanchóir, tá cur chun feidhme ag dul ar aghaidh anois ar lánluas. Ag breathnú chun cinn, tá sé ríthábhachtach acmhainní earcaíochta leordhóthanacha a dhaingniú agus próisis iomchuí a chur i bhfeidhm. Thairis sin, tá sé fíor- riachtanach an Buanchór a imscaradh chuig cúraimí oibríochtúla feadh na dteorainneacha seachtracha, i dtríú tíortha agus in oibríochtaí um fhilleadh. I gceanncheathrú na Gníomhaireachta i Vársá níor cheart ach líon an- teoranta d’fhoireann an Bhuanchóir a bheith sannta do róil tacaíochta.

Tá dul chun cinn mór déanta ag an nGníomhaireacht chun oifigigh chatagóir 1 den Bhuanchór a earcú, agus líon in- imscartha oifigigh chatagóir 1 den Bhuanchór á

[15]E.g. Airteagal 61 de Rialachán EBCG.

[16] Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA) lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO P 045, 14.6.1962, lch. 1385).

[17] Cinneadh 44/2023 ón mBord Bainistíochta an 22 Samhain 2023 lena nglactar Straitéis Acmhainní Daonna Frontex 2024-2027.

mhéadú ó 678[18] i ndeireadh 2022 chuig 970 i mí Mheán Fómhair 2023.[19] Dá bhrí sin, shroich an Ghníomhaireacht beagnach an líon foirne in-imscartha is gá in 2023[20]. Thuairiscigh an Ghníomhaireacht freisin go raibh 450 duine d'fhoireann chatagóir 2 den Bhuanchór ar iasacht agus go raibh 3 899 nduine d'fhoireann chatagóir 3 den Bhuanchór ainmnithe. Sprioc 2023 maidir le 1 500 ball foirne chatagóir 4 den Bhuanchór a bheith ann, baineadh amach í[21].

Cuireadh an cúltaca le haghaidh mearfhreagartha (catagóir 4) ar bun chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais neamhthuartha sula mbaineann an Buanchór mais chriticiúil amach. Ón tráth seo ar aghaidh, ní raibh aon ghá ann an cúltaca sin a úsáid. Faoi 2025, le catagóirí eile de chuid an Bhuanchóir, amhail foireann reachtúil, iasachtaí fadtéarmacha, agus imscaradh fadtéarmach ó na Ballstáit, sroichfear leibhéal lena ndéanfar foráil maidir le hath- leithdháileadh acmhainní más ann do riachtanais neamhthuartha agus dhíréireacha. Leanann céimniú amach pleanáilte an chúltaca mearfhreagartha de bheith ar an mbóthar ceart.

Meastar go bhfuil méid na ranníocaíochtaí náisiúnta i gcomhréir le cumais náisiúnta. Athraíonn ranníocaíochtaí aonair na mBallstát ó 0.14 % go dtí 1.5 % de na cumais náisiúnta. Cruthaíodh go bhfuil an scála dáilte atá ann faoi láthair éifeachtach. Tá maoiniú suntasach ón Aontas dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun cur lena n-acmhainneacht ó thaobh foirne agus sócmhainní teicniúla de. Mar sin féin, chun EBCG a fhorbairt, tá gá le hiarrachtaí tábhachtacha ó na Ballstáit chomh maith agus tá dúshláin roimh roinnt acu ó thaobh a n-acmhainneacht féin a fhothú. Is cosúil go bhfuil ranníocaíochtaí leis an mBuanchór mar a bhunaítear leis an Rialachán leordhóthanach ar an iomlán chun cuspóirí Rialachán EBCG a chomhlíonadh ós rud é go raibh an Ghníomhaireacht in ann aghaidh a thabhairt ar iarrataí práinneacha ar chúnamh ó na Ballstáit uile nach mór.

### Gairmiúlacht agus oiliúint an Bhuanchóir

Thionscain an Ghníomhaireacht bearta oiliúna le haghaidh fhoireann an Bhuanchóir chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sí ardchaighdeáin ghairmiúla agus gur féidir í a

[18] Tuarascáil Ráithiúil ar Chumais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, R4/2022.

[19] Tá an sprioc fhoriomlán le haghaidh fhoireann reachtúil chatagóir 1 socraithe ag 1 000 agus 1 500 oifigeach le haghaidh 2022 agus 2023 faoi seach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán EBCG. Mar sin féin, leis an líon sin áirítear foireann reachtúil a imscartar mar chomhaltaí den fhoireann i réimsí oibríochtúla, an fhoireann atá freagrach as feidhmiú an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus an fhoireann tacaíochta 'suas le 4 %' i gcomhréir le hAirteagail 54(7) agus 54(8) de Rialachán EBCG.

[20] Cinneadh 20/2022 ón mBord Bainistíochta an 16 Márta 2022 lena nglactar pleanáil bhliantúil bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh do 2023 agus pleanáil ilbhliantúil tháscach na bpróifílí.

[21] Sonraí ó Thuarascáil na Gníomhaireachta maidir le cumais le haghaidh fhaisnéis an Bhoird Bainistíochta, 5/9/2023.

imscaradh go héifeachtach. Áirítear leis sin a bhfeasacht agus a gcomhlíontacht maidir leis na hoibleagáidí agus na caighdeáin ábhartha a bhaineann leis na cearta bunúsacha, agus maidir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil. Mar sin féin, leis an athbhreithniú léirítear gur gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den choincheap oiliúna le haghaidh an Bhuanchóir, chun a áirithiú gurb amhlaidh le méid, ábhar agus cáilíocht na hoiliúna ar fhoireann reachtúil (catagóir 1) a chuirtear ar a cumas tacaíocht éifeachtach a sholáthar do na Ballstáit i réimsí speisialaithe. Leis sin áirítear freisin na curaclaim oiliúna a thabhairt cothrom le dáta chun oiliúint phraiticiúil leordhóthanach a áirithiú chun an fhoireann reachtúil a ullmhú le haghaidh a hoibre ag na teorainneacha. Ní mór don Ghníomhaireacht acmhainní oiliúna leordhóthanacha a dhaingniú.

Tá an córas oiliúna le nuashonrú, agus cur chun feidhme bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip á chur san áireamh, mar chuid d'fhorbairt agus de chur chun feidhme threochlár cumais EBCG, ar príomhionstraim é sa Rialachán chun pleanáil chomhtháite chumais EBCG a áirithiú. Tá an treochlár cumais á fhorbairt ag an nGníomhaireacht le hionchur ó na Ballstáit, agus é mar aidhm aici na pleananna náisiúnta forbartha cumais agus pleanáil ilbhliantúil acmhainní na Gníomhaireachta a chóineasú, chun infheistíochtaí fadtéarmacha ó EBCG ina iomláine a bharrfheabhsú. Ba cheart don treochlár treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an gcaoi a bhforbróidh siad a bhfoireann agus a sócmhainní, lena n-áirítear dlúth-chomhordú maidir lena bhfoireann a earcú agus a oiliúint, lena n-áirítear an Buanchór.

I dteannta na saincheisteanna a sainaithníodh maidir lena hoiliúint, tá deacrachtaí eile roimh an bhfoireann reachtúil freisin lena gcuirtear cosc uirthi úsáid iomlán a bhaint as a scileanna. Ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar na hábhair sin chun a áirithiú go n- oibreoidh an Buanchór go gairmiúil agus go héifeachtach. Mar shampla, le nósanna imeachta chun bunachair sonraí a rochtain, fadhbanna a bhaineann le teanga agus spleáchas ar an mBallstát óstach i roinnt saincheisteanna riaracháin agus nós imeachta, teorannaítear inniúlacht na foirne chun oibriú go neamhspleách. Ní féidir dul i ngleic leis na dúshláin sin trí réitigh thapa agus éasca ach is rud iad a éilíonn dlúthchomhar leanúnach na Gníomhaireachta agus na mBallstát.

Thairis sin, i gcur chun feidhme an Rialacháin, tháinig roinnt fadhbanna praiticiúla chun cinn nach mór don Ghníomhaireacht aghaidh a thabhairt orthu chun a áirithiú gur féidir leis an mBuanchór a thacaíocht iomlán a sholáthar do na Ballstáit agus na leibhéil is airde is féidir gairmiúlachta á mbaint amach an tráth céanna. Orthu sin áirítear gá chun feabhas a chur ar phleanáil, bainistíocht, eagrú (lena n- áirítear maidir le himscaradh agus ath- imlonnú), socruithe riaracháin, bainistíocht acmhainní daonna, téarmaí fostaíochta, cumarsáid inmheánach, lóistíocht, nósanna imeachta oibríochtúla caighdeánacha agus comhordú leis an mBallstát óstach agus tacaíocht chuige.

## 4. Conclúidí

D’ainneoin roinnt moilleanna agus bearnaí a liostaítear thuas, tá an Garda Teorann agus Cósta Eorpach a ceapadh le Rialachán EBCG ag feidhmiú go maith, agus staid an chur chun feidhme faoi láthair á cur san áireamh. Den chuid is mó, bhain sé a chuspóirí amach ar an mbealach lena raibh coinne, agus tá príomhghníomhaíochtaí áirithe fós le cur chun feidhme go hiomlán. Comhaontaíonn na páirtithe leasmhara nach bhféadfadh na Ballstáit, agus iad ag gníomhú ina n- aonar, cuspóirí Rialachán EBCG a bhaint amach go leordhóthanach. Dá bhrí sin, leanann Rialachán EBCG de bheith ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar an staid atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Leanann an imirce neamhrialta de bheith ina dúshlán mór agus ceanglaítear freagairt choiteann agus chomhordaithe ó na Ballstáit uile uirthi go ceann i bhfad.

Leis an Rialachán rannchuidítear le forbairt agus cur chun feidhme éifeachtach na gcomhpháirteanna uile den bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip. Cé go bhfuil cur chun feidhme an Rialacháin fós ar bun, is é a tháinig as sin an chéad seirbhís faoi éide riamh de chuid an Aontais a chur ar bun agus a imscaradh – Buanchór EBCG.

Tá an Buanchór a leagtar amach i Rialachán EBCG ina chuid thairbheach agus riachtanach de chur chun feidhme an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip. Cruthaíodh go rannchuidíonn sé le bainistiú teorainneacha éifeachtach a áirithiú ag teorainneacha seachtracha an Aontais chomh maith le limistéar Schengen slán. Méid agus comhdhéanamh an Bhuanchóir, chomh maith le ranníocaíochtaí bliantúla atá le soláthar do na Ballstáit, mar a leagtar síos sna hiarscríbhinní a ghabhann le Rialachán EBCG, leanann údar de bheith leo agus leanann siad de bheith comhréireach.

Mar sin féin, tá cur chun feidhme an Bhuanchóir fós ar bun agus bhí roinnt dúshlán roimhe. Maidir leis sin, is den tábhacht leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ó thaobh riachtanais oibríochtúla chun a áirithiú go leanfaidh an Buanchór de bheith oiriúnach chun freagairt don staid atá ag athrú de shíor ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach go gcuireann an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit chun feidhme an timthriall beartais straitéiseach ilbhliantúil le haghaidh an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip agus an próiseas gaolmhar maidir le pleanáil chomhtháite le haghaidh oibríochtaí agus pleanáil theagmhasach. Rannchuideoidh an Buanchór freisin le feabhas a chur ar chumais freagartha ag na teorainneacha seachtracha chun imirce fholaitheach agus coireacht trasteorann a bhrath, a chosc agus a chomhrac. Leis sin cuidítear le beatha imirceach a shábháil agus áirithítear a gcosaint trí imscaradh agus ath- imlonnú éifeachtach agus solúbtha a dhéanamh ar an mBuanchór bunaithe ar na riachtanais oibríochtúla atá ann faoi láthair.

Measann an Coimisiún go ndeimhnítear ar an iomlán leis an meastóireacht ar an Rialachán agus leis an athbhreithniú ar an mBuanchór nach bhfuil aon gá láithreach ann

athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán EBCG ná ar a iarscríbhinní. Tá an sainordú athbhreithnithe a tugadh don Ghníomhaireacht i Rialachán EBCG agus a glacadh in 2019 fós á chur chun feidhme, agus measann an Coimisiún faoi láthair maidir le formhór na n- easnamh a sainaithníodh sa mheastóireacht agus san athbhreithniú gur féidir aghaidh a thabhairt orthu fós sa tréimhse cur chun feidhme atá fágtha.

Chun cuíchóiriú a dhéanamh ar na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí sin agus chun tacú le cur chur feidhme Rialachán EBCG agus chun a fhágáil go mbeidh sé go hiomlán éifeachtach faoi 2027, **tá plean gníomhaíochta á mholadh ag an gCoimisiún**, rud atá le cur chun feidhme ag an nGníomhaireacht, ag a Bord Bainistíochta, ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún.

Ar na saincheisteanna éagsúla a sainaithníodh ar fud na réimsí ar a ndearnadh meastóireacht, meastar go bhfuil tábhacht ar leith leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

**Cur chun feidhme iomlán struchtúr eagraíochtúil nua na Gníomhaireachta**, go háirithe i ndáil leis an mBuanchór, meastar gur beart tábhachtach é sin chun príomh- shainordú na Gníomhaireachta a bhaint amach, arb é atá ann maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach an rialaithe ag na teorainneacha seachtracha agus cúnamh a sholáthar do na Ballstáit le cur chun feidhme na ngnéithe oibríochtúla de bhainistiú teorainneacha seachtrach. Forbairt agus cur chun feidhme struchtúir slabhra ceannais nua agus línte tuairiscithe agus cainéil chumarsáide shoiléire ann, meastar go bhfuil ríthábhacht leis sin chun feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochtúil an Bhuanchóir.

Thairis sin, tá ríthábhachtach chun amharc straitéiseach fadtéarmach, pleanáil agus intuarthacht a áirithiú maidir le príomhinfheistíochtaí i **gcumais** ag an nGníomhaireacht agus sna Ballstáit. Chun é sin a dhéanamh, is léir gur gá an treochlár cumais agus na pleananna forbartha cumais náisiúnta a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. An próiseas pleanála comhtháite le haghaidh EBCG, ní mór é a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh freisin. Tá ríthábhacht leis sin chun imscaradh tapa agus solúbtha a áirithiú bunaithe ar riachtanais oibríochtúla.

Tá **gníomhaíochtaí um fhilleadh** ag teacht chun bheith ina gcuid níos suntasaí de shainordú nua na Gníomhaireachta. Dá thoradh sin, tá sé ríthábhachtach go n- áiritheoidh an Bord Bainistíochta stiúradh straitéiseach cuí ar shaincheisteanna a bhaineann le filleadh, agus féidearthacht ann pléití a mheas freisin ag na Cruinnithe Comhchéime Ardleibhéil maidir le Filleadh. Comhordú agus cumarsáid fheabhsaithe idir an Coimisiún, go háirithe an Comhordaitheoir um Fhilleadh agus an Ghníomhaireacht, agus idir an Ghníomhaireacht agus na húdaráis náisiúnta fhreagracha, tá siad fíor- riachtanach chun go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann tacaíocht oibríochtúil éifeachtach a sholáthar do na Ballstáit, lena n- áirítear maidir le fillteacha, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha.

Is é is cuspóir dó sin fós féin **an Buanchór a neartú** chuig an bhfoireann lánoibríochtúil phleanáilte 10 000 faoi 2027. Gníomhaíochtaí lena n- áirithítear leibhéal sásúil oiliúna lena gcomhlíontar riachtanais oibríochtúla, go háirithe le haghaidh fhoireann chatagóir 1 den Bhuanchór, agus próisis earcaíochta éifeachtúla, tá tábhacht ar leith leo. Ina theannta sin, is gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar conas fadhbanna áirithe a eascraíonn as Rialacháin Foirne an Aontais, nó a rialacha cur chun feidhme, a réiteach le haghaidh fhoireann chatagóir 1 den Bhuanchór chun go mbeidh foireann reachtúil faoi éide na Gníomhaireachta lánoibríochtúil.

Ar deireadh, i réimse na **feasachta staide**, breithneofar bearta lena soláthraítear léiriú staide agus anailís riosca atá cruinn, iomlán agus cothrom le dáta. Is féidir é sin a bhaint amach trí, mar shampla, sonraí measúnaithe leochaileachta a áireamh níos fearr i dtáirgí anailíse riosca agus trí EUROSUR a fhorbairt a thuilleadh. Déanfar tuilleadh machnaimh ar na bearta sin arb é is aidhm dó sin go mbeidh na táirgí anailíseacha sin ina dtaca níos fearr le haghaidh cinnteoireacht oibríochtúil.

Coinneoidh an Coimisiún súil ghéar ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta atá i gceangal leis an tuarascáil seo agus féadfaidh sé aon choigeartú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil amach anseo a mholadh, lena n-áirítear coigeartuithe de chineál reachtach.